Saoráil Faisnéise

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003

LEABHAR TAGARTHA ALT 15

Feidhmeanna agus Taifid
Údarás na Gaeltachta

2010 - 2012

Clár - Leabhar Tagartha Alt 15

1. Réamhrá ar na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise **1**

2. Teacht ar Thaifid in Údarás na Gaeltachta **3**

2.1. IARRATAIS FAOI FHORÁLACHA AN ACHTA **3**

2.2. AMSCÁLA IARRATAS **3**

2.3. IARRATAS GO NDÉANFAÍ LEASÚ AR FHAISNÉIS PHEARSANTA (ALT 17) **5**

2.4. FÁTHANNA MAIDIR LE CINNTÍ (ALT 18) **5**

2.5. CEARTA ATHBHREITHNITHE AGUS ACHOMHAIRC **5**

2.5.1. ATHBHREITHNIÚ INMHEÁNACH **5**

2.5.2. ATHBHREITHNIÚ AN CHOIMISINÉARA FAISNÉISE **6**

3. Táillí **7**

4 Cúraimí Údarás na Gaeltachta **10**

5 Straitéis agus Ráiteas Misin Údarás na Gaeltachta **13**

6. Léargas ar Údarás na Gaeltachta **14**

7. Struchtúr na hEagraíochta **15**

8. Mór-Rannóga Údarás na Gaeltachta **l6**

8.1. **OIFIG AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH** **16**

8.1.1. INIÚCHADH INMHEÁNACH **16**

8.2. **AN RANNÓG CORPARÁIDEACH** **18**

8.2.1. AN RANNÓG RÚNAÍOCHTA **18**

8.2.2. AN RANNÓG DLÍ **20**

8.2.3. AN RANNÓG ACMHAINNÍ DAONNA AGUS FORBARTHA FOIRNE **21**

8.2.4. AN RANNÓG AIRGEADAIS **22**

8.2.5 AN RANNÓG RÍOMHAIREACHTA **23**

8.3. **AN RANNÓG PLEANÁLA AGUS POLASAÍ** **24**

8.3.1. PLEANÁIL **24**

8.3.2 CULTÚR AGUS TEANGA **25**

8.3.3. FORBAIRT POBAIL **26**

8.3.4. TURASÓIREACHT CHULTÚRTHA **27**

8.3.5 OIFIG NASC SA BHRUISÉAL **28**

8.3.6 FORBAIRT RÉIGIÚNACH **29**

8.4. AN RANNÓG FIONTRAÍOCHTA AGUS FOSTAÍOCHTA **31**
8.5. AN RANNÓG CUMARSÁIDE AGUS MARGAÍOCHTA **33**
8.6 FEIDHM OILIÚNA AGUS OIDEACHAIS **33**
8.7. AN RANNÓG MAOINE AGUS INNEALTÓIREACHTA **35**

9. RIACHTANAIS ALT 16 **37**

FOCHUIDEACHTAÍ ÚDARÁS NA GAELTACHTA **41**

1 Réamhrá

Bunaíodh cearta nua reachtúla faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 ("an tAcht"), mar atá leasaithe ag an Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003, le héifeacht ón 21 Aibreán 1998:

- Ceart dlíthiúil ag gach duine teacht ar fhaisnéis atá ag eagrais phoiblí (Alt 6);
- Ceart dlíthiúil ag gach duine go ndéanfaí leasú ar fhaisnéis oifigiúil maidir leis/léi féin nuair nach bhfuil sí iomlán, ceart nó nuair a chuirfeadh sí duine amú (Alt 17);
- Ceart dlíthiúil ag gach duine míniú a fháil ar na cúiseanna a ndéanann comhlacht poiblí cinneadh ina leith féin (Alt 18); agus
- Ceart dlíthiúil ag tuismitheoirí, caomhnóirí agus neasghaolta a bhfuil cearta acu ar son duine aonair faoi (Altanna 17 agus 18).

Tugtar ceart don phobal, chomh fada agus is féidir, de réir an Achta, teacht ar fhaisnéis nuair a thagann sin le leas an phobail agus le ceart príobháideachais an duine faoi réir díolúintí áirithe.

Tagann na taifid seo a leanas faoi réimse feidhme an Achta:

- Gach taifead gur eolas pearsanta é atá faoi chúram eagrais phoiblí, is cuma cén uair a cruthaíodh é;
- Taifid phearsanra a cruthaíodh faoi fhoireann an eagrais ón 21 Aibreán 1995, nó níos luaithe má tá siad á n-úsáid, nó má tá i gceist iad a úsáid, in aghaidh bhall den fhoireann nó ar bhealach a bhféadfadh an tionchar sin a bheith aige;
- Gach taifead eile a cruthaíodh ón 21 Aibreán 1998 ar aghaidh faoi réir díolúintí áirithe;
- Aon taifead eile atá riachtanach chun tuiscint a fháil ar thaifead reatha.

Tá Údarás na Gaeltachta faoin Acht ón 21 Eanáir 2001.

Ullmhaíodh agus foilsíodh an leabhar tagartha seo de réir mar a éilíonn Alt 15 den Acht. Tá sé d'aidhm leis cuidiú leis an bpobal teacht ar fhaisnéis atá ag Údarás na Gaeltachta, trí chur síos a dhéanamh ar:

- struchtúr agus fheidhmeanna an Údaráis;
- na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus an bealach chun teacht orthu;
- na cineálacha taifead atá san Údarás; agus
- an modh imeachta chun iarratas a dhéanamh ar thaifid ó Údarás na Gaeltachta faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

Tugann an leabhar seo léargas chomh maith ar an mbealach chun iarratas a dhéanamh faoin Acht ar eolas nach mbeadh ar fáil sa ghnáthbhealach. Tá próiseas, a bhfuil teorainneacha ama agus díolúintí áirithe ag baint leis, leagtha síos san Acht chun iarratas dá leithéid a dhéanamh.

Tugadh isteach roinnt leasuithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 ach go háirithe ó thaobh táillí de. Tá táille iarratais i gceist le gach iarratas neamhphearsanta faoi Alt 7 den Acht um Shaoráil Faisnéise (iarratais ar rochtain ar thaifid) agus iarratais faoi Alt 14 (Athbhreithniú Inmheánach) agus Alt 34 (Athbhreithniú ag an gCoimisinéir Faisnéise) a fhaightear ón 7 Iúil 2003.

Tá Leabhar Tagartha Alt 15 ar fáil don phobal ar shuíomh idirlín Údarás na Gaeltachta ag : www.udaras.ie.

Faisnéis a bhfuil teacht uirthi de ghnáth

Cuireann Údarás na Gaeltachta faisnéis ar fáil don phobal sa ghnáthbhealach maidir le feidhmeanna, obair agus scéimeanna an Údaráis. Beidh teacht i gcónaí ag an bpobal ar bhealach neamhfhoirmeálta ar fhaisnéis dá leithéid gan dul i muinín an Achta um Shaoráil Faisnéise. Léirítear sa Leabhar Tagartha Alt 15 seo an chaoi le teacht ar eolas ginearálta dá leithéid i gcás gach gné d'obair an Údaráis.

Rúndacht

Tugann an tAcht um Shaoráil Faisnéise cosaint áirithe do bhaill den phobal a chuireann eolas ar fáil d'Údarás na Gaeltachta faoi rún. Cinnteoidh an tÚdarás, chomh fada agus is féidir, go mbainfear úsáid as díolúintí uile an Achta chun eolas rúnda, íogair nó pearsanta a chosaint.

Déanfaidh Údarás na Gaeltachta gach iarracht aon eolas a thugtar faoi rún a choinneáil ina rún, ach teacht le dualgais dhlíthiúla an Údaráis, agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 san áireamh.

2 Teacht ar Thaifid in Údarás na Gaeltachta

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 tá cearta áirithe ag gach duine teacht ar thaifid nach bhfuil ar fáil go poiblí ar bhealaí eile. Is féidir faoi na cearta sin:

- Teacht ar thaifid atá i seilbh Údarás na Gaeltachta
- Ceartúchán a dhéanamh ar fhaisnéis phearsanta, a bhaineann leis an duine féin, atá i seilbh an Údaráis nuair nach bhfuil sí iomlán, ceart nó nuair a chuirfeadh sí duine amú
- Teacht ar mhíniú ar aon chinneadh de chuid Údarás na Gaeltachta, a bhfuil tionchar aige go díreach ar an duine féin.

2.1 Iarratais faoi Fhorálacha an Achta

- Ba cheart go mbeadh iarratas ar thaifid i scríbhinn agus go mbeadh táille iarratais leis. Tá táille iarratais **€15.00** i gceist i gcomhair gach iarratas neamhphearsanta a déantar faoin Acht. Tá táille laghdaithe **€10.00** i gceist má tá cárta leighis ag an iarratasóir. Is féidir an íocaíocht a dhéanamh i bhfoirm dréacht bainc, ordú airgid, ordú poist nó seic pearsanta iníoctha le hÚdarás na Gaeltachta. Níl táille i gceist le roinnt iarratais (féach Táillí thíos).

- Tá sé riachtanach go sonrófaí go bhfuil na taifid á lorg faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.
  Más mian le hiarratasóir taifid a fháil i bhfoirm áirithe, mar shampla fótachóip, diosca ríomhaire agus araile, ba chóir é seo a lua san iarratas.

- Nuair atá iarratas á dhéanamh ba cheart an méid eolais agus is féidir a thabhairt le go mbeidh foireann Údarás na Gaeltachta in ann na taifid atá á lorg a aithint.

- Tabharfaidh foireann Údarás na Gaeltachta gach uile chúnamh iarratas a ullmhú má tá deacracht ag iarratasóir leis.

Ba chóir iarratais ar thaifid faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 a chur chuig:

An tOifigeach um Shaoráil Faisnéise,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Sonraí teagmhála eile:
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: asf@udaras.ie

2.2 Amscála Iarratas

Tá sé de dhualgas ar Údarás na Gaeltachta:

- Admháil ar iarratas a sheoladh amach taobh istigh de dheich lá oibre ón dáta a fhaightear an t-iarratas. *Ní chuirtear na Sathairn, na Domhnaí ná laethanta saoire poiblí san áireamh faoi fhorálacha na nAchtanna.*
- Freagra a thabhairt ar iarratas ar thaifid taobh istigh de 20 lá oibre.

I gcúinsí áirithe, is féidir an tréimhse atá ceadaithe chun freagra a chur amach ar iarratas a shíneadh mar a leanas:

- 15 lá oibre má bhaineann an t-iarratas le heolas faoi thríú páirtí nó a chuir tríú páirtí ar fáil don Údarás agus gur gá dul i gcomhairle leis an tríú páirtí faoi fhorálacha an Achta sular féidir an t-eolas a scaoileadh. Is féidir síneadh 10 lá oibre a chur leis na 15 lá oibre sin má bhíonn líon mór tríú páirtithe i gceist.
- 20 lá oibre má tá ualach toirtiúil taifead i gceist nó má tá líon mór iarratas ar na taifid chéanna i gceist agus nach bhféadfaí na hiarratais go léir a láimhseáil go réasúnta san am atá ceadaithe.

Má chuirtear síneadh leis an tréimhse 20 lá oibre atá leagtha síos chun taifid a scaoileadh, cuirfear sin in iúl don iarratasóir taobh istigh den ghnáth-thréimhse 20 lá oibre a cheadaítear agus tabharfar míniú ar chúis na moille.

Má mheasann Údarás na Gaeltachta go mbaineann an t-iarratas le heagras poiblí eile cuirfear an t-iarratas ar aghaidh chuig an eagras sin taobh istigh de 10 lá oibre agus cuirfear sin in iúl don iarratasóir. Déileálfaidh an t-eagras cuí leis an iarratas mar cheann nua le hamscála nua mar atá leagtha amach thuas.

Mar a chéile, más rud é nach bhfuil ach roinnt de na taifid ag Údarás na Gaeltachta, cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas agus déanfar gach iarracht sonraí teagmhála a chur ar fáil faoi na heagrais ar chóir na taifid a lorg uathu.

2.3 Iarratas go ndéanfaí Leasú ar Fhaisnéis Phearsanta (Alt 17)

Tugann an tAlt seo den Acht ceart dlíthiúil do gach duine aon fhaisnéis phearsanta atá á coinneáil ina t(h)aobh a leasú, más amhlaidh atá an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach.

Is cóir iarratas chun faisnéis a cheartú:

- A bheith i scríbhinn (chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise ag an seoladh ag 2.1 thuas)
- Sonraí a thabhairt faoin fhaisnéis a mheastar atá neamhiomlán, mícheart nó míthreorach
- Na leasuithe atá le déanamh a shonrú
- Eolas oiriúnach a chur ar fáil chun tacú leis an iarratas.

2.4 Fáthanna maidir le Cinntí (Alt 18)

Tugann an tAlt seo den Acht ceart dlíthiúil do gach duine ráiteas a fháil ar:

- Na cúiseanna maidir le gníomhartha comhlachtaí poiblí a dhéanann difear ábhartha don duine
- Aon fhionnachtanna maidir le haon saincheistanna ábhartha fíorais bainteach leis na gníomhartha.

Is cóir go gcuirfí iarratais faoi Alt 18 i scríbhinn chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise ag an seoladh ag 2.1 thuas.

2.5 Cearta Athbhreithnithe agus Achomhairc

Leagtar amach san Acht sraith díolúintí chun cosaint a thabhairt d'fhaisnéis íogair i gcás ina bhféadfadh nochtadh na faisnéise sin dochar a dhéanamh do leas an Stáit nó do leas tríú páirtithe. I gcás ina mbainfear leas as na forálacha sin maidir le faisnéis a choimeád siar cuirfear an méid sin in iúl don iarratasóir. Ina theannta sin, féadfar achomharc a dhéanamh i leith cinntí maidir le rochtain a chur siar, maidir le táillí, maidir le cineálacha rochtana 7rl. (féach 2.5.1 agus 2.5.2 thíos).

Is féidir athbhreithniú inmheánach a lorg i dtosach agus mura bhfuiltear sásta leis an athbhreithniú inmheánach is féidir athbhreithniú seachtrach a lorg ón gCoimisinéir Faisnéise. Tá eolas ar an bpróiseas chun athbhreithniú inmheánach agus athbhreithniú seachtrach a éileamh tugtha anseo thíos.

Ón 7 Iúil 2003, tá táille i gceist le hathbhreithniú inmheánach agus seachtrach ar fhaisnéis neamhphearsanta. (Féach Táillí ag uimhir 3 thíos).

2.5.1 Athbhreithniú Inmheánach

Is féidir athbhreithniú inmheánach, déanta ag feidhmeannach níos sinsearaí ar fhoireann an Údaráis ná an cinnteoir sa chéad chás, a lorg sna cásanna seo:

- nuair a dhiúltaítear rochtain ar fhaisnéis

- nuair nach gcuirtear an fhaisnéis iomlán ar fáil
- nuair a dhiúltaítear taifead a leasú
- nuair a dhiúltaítear an taifead a chur ar fáil mar gheall ar fhadhbanna riaracháin
- má táthar míshásta leis an an gcéad chinneadh a déantar, an tslí inar thángthas ar an fhaisnéis, costas agus araile
- mura bhfaightear freagra taobh istigh de 20 lá oibre ar an gcéad iarratas. Meastar mar dhiúltú ar iarratas é seo agus is féidir le hiarratasóir dul ar aghaidh agus athbhreithniú inmheánach a lorg.

Ba chóir iarratas den chineál seo ar athbhreithniú inmheánach a sheoladh isteach i scríbhinn taobh istigh de 20 lá oibre tar éis an chéad chinnidh.

Tá sé de dhualgas ar an Údarás athbhreithniú inmheánach a chríochnú taobh istigh de 15 lá oibre.

Ba chóir iarratais ar athbhreithniú inmheánach a chur chuig:

An tOifigeach um Shaoráil Faisnéise,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Sonraí teagmhála eile:
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: asf@udaras.ie

Sa ghnáthbhealach caithfidh an t-athbhreithniú inmheánach a bheith déanta sular féidir achomharc a éileamh ar an gCoimisinéir Faisnéise.

2.5.2 Athbhreithniú an Choimisinéara Faisnéise

Nuair atá athbhreithniú inmheánach críochnaithe agus an t-iarratasóir fós míshásta, is féidir athbhreithniú neamhspleách ar an gcinneadh a iarraidh ón gCoimisinéir Faisnéise.

Chomh maith leis sin, mura bhfaightear freagra ar iarratas ar athbhreithniú inmheánach taobh istigh de 15 lá oibre is féidir athbhreithniú seachtrach a éileamh ar an gCoimisinéir mar go mbreathnaítear air sin mar dhiúltú.

Is féidir athbhreithniú seachtrach a lorg trí scríobh chuig an gCoimisinéir Faisnéise ag an seoladh seo a leanas:

Oifig an Choimisinéara Faisnéise,
18 Sráid Líosain Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.
Fón: (01) 6395689 **Facs:** (01) 6395674 nó (01) 6395676
Lo gloach: 1890-223030
Ríomhphost: info@oic.ie
Idirlíon: http://www.oic.gov.ie

3 Táillí

Baineann táillí mar a leanas le hiarratais:

<u>Táille Iarratais</u>

(a) Iarratas ar thaifid faoi Alt 7

- Ní mór táille iarratais caighdeánach €15.00 a bheith le hiarratas ar thaifid neamhphearsanta faoi Alt 7 den Acht um Shaoráil Faisnéise.

- Tá táille laghdaithe €10.00 i gceist má tá cárta leighis ag an iarratasóir nó más cleithiúnaí sealbhóir cárta leighis é/í.

- Níl aon táille i gceist le hiarratais mar seo leanas:

(i) Iarratas faoi Alt 7 ar thaifid phearsanta a bhaineann leis an iarratasóir (san áireamh anseo tá iarratas faoi Alt 28(b) ó thuismitheoir nó caomhnóir thar ceann duine óig, duine le míchumas nó neasghaol nó ionadaí pearsanta duine bhásaithe);

(ii) Iarratas faoi Alt 17 (ceart duine taifid/faisnéis phearsanta a cheartú);

(iii) Iarratas faoi Alt 18 (ceart duine chun faisnéise maidir le gníomhartha comhlachtaí poiblí a dhéanann difear don duine);

(iv) Iarratas maidir le cinneadh táille a ghearradh.

(b) Athbhreithniú Inmheánach faoi Alt 14

- Ní mór táille iarratais caighdeánach €75.00 a bheith le hiarratas ar athbhreithniú inmheánach faoi Alt 14.

- Tá táille laghdaithe €25.00 i gceist má tá cárta leighis ag an iarratasóir nó más cleithiúnaí sealbhóir cárta leighis é/í.

- Níl táille i gceist le hiarratais ar athbhreithniú inmheánach mar seo a leanas:

(i) Iarratas faoi Alt 14 bunaithe ar chinneadh ar thaifid phearsanta a bhaineann leis an iarratasóir (san áireamh iarratas faoi Alt 28(b) ó thuismitheoir nó caomhnóir thar ceann duine óig, duine le mí-chumas nó neasghaol nó ionadaí pearsanta duine bhásaithe);

(ii) Iarratas faoi Alt 17 (ceart duine taifid/faisnéis phearsanta a cheartú);

(iii) Iarratas faoi Alt 18 (ceart duine chun faisnéise maidir le gníomhartha comhlachtaí poiblí a dhéanann difear don duine);

(iv) Iarratas maidir le cinneadh táille nó éarlais a ghearradh.

(c) Athbhreithniú an Choimisinéara Faisnéise faoi Alt 34

- Ní mór táille iarratais caighdeánach €150.00 a bheith le hiarratas ar athbhreithniú a chuirtear chuig an gCoimisinéir Faisnéise.

- Tá táille laghdaithe €50.00 i gceist sna cásanna seo leanas:

  (i) Má tá cárta leighis ag an iarratasóir nó más cleithiúnaí sealbhóir cárta leighis é/í.

  (ii) Duine lena mbaineann Alt 29(2), is é sin, tríú páirtí le ceart iarratas a chur díreach chuig an gCoimisinéir Faisnéise nuair a chinneann eagras poiblí eolas a scaoileadh ar mhaithe le leas an phobail.

- Níl táille i gceist le hiarratais mar seo a leanas chuig an gCoimisinéir Faisnéise:

(i) Iarratas ar thaifid phearsanta a bhaineann leis an iarratasóir (san áireamh iarratas faoi Alt 28(b) ó thuismitheoir nó caomhnóir thar ceann duine óig, duine le míchumas nó neasghaol nó ionadaí pearsanta duine bhásaithe);

(ii) Iarratas faoi Alt 17 (ceart duine taifid/faisnéis phearsanta a cheartú);

(iii) Iarratas faoi Alt 18;

(iv) Iarratas maidir le cinneadh táille nó éarlais os cionn €25.00 maidir le cuardach, aisghabháil agus cóipeáil na dtaifead a ghearradh faoi Alt 47 (ní féidir athbhreithniú a éileamh ar an gCoimisinéir Faisnéise ar chinneadh táille faoi bhun €25.00 a ghearradh ar chuardach, aisghabháil agus cóipeáil na dtaifead);

(v) Iarratas maidir le cinneadh táille faoi Alt 47 (6A) nó táille de shuim áirithe a ghearradh faoi Alt 47(6A) ar an mbunús nach taifid ar eolas pearsanta amháin a bhaineann leis an iarratasóir atá i gceist nó nach bhfuil an t-iarratasóir clúdaithe ag cárta leighis nó mar chleithiúnaí ag sealbhóir cárta leighis.

<u>Táillí Eile</u>

De réir Alt 47 an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 is féidir táillí a ghearradh ar ghnéithe áirithe den obair atá i gceist i bpróiseáil iarratas ar thaifid faoin Acht.

Seo a leanas sceideal de na costais cheadaithe mar atá sonraithe faoi láthair in Ionstraim Reachtúil Uimhir 139 de 1998:

- Táille €0.04 an leathanach i ndáil le costas cóipeála
- Táille €20.95 de réir na huaire ar an am a chaitear go héifeachtach ag cuardach agus ag cóipeáil na dtaifead
- Costas €0.51 ar eolas a chuirtear ar fáil ar dhiosca bogríomhaire nó €10.16 ar CD-ROM a gcuirtear eolas ar fáil air.

Maidir le heolas pearsanta is féidir an táille €0.04 a ghearrtar ar chóipeáil na dtaifead a ghearradh, nó a tharscaoileadh ag brath ar acmhainn an iarratasóra agus nádúr na dtaifead atá i gceist. Ní ghearrtar táille ar chuardach agus aisghabháil taifid phearsanta seachas i gcás go bhfuil líon mór taifead i gceist.

Ní ghearrtar táille ar an am a chaitear ag próiseáil an iarratais. Baineann táillí mar seo le cuardach agus cóipeáil na dtaifead amháin, cé acu ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach.

Is féidir éarlais a iarraidh má bhíonn táille níos airde ná €50.80. Sna cúinsí seo tá sé de dhualgas ar an Údarás gach cúnamh a thabhairt d'iarratasóir, má lorgaítear é, an t-iarratas a leasú chun gur féidir an éarlais a laghdú nó a chealú.

Is féidir gan táille a ghearradh sna cúinsí seo a leanas nuair:

- a bheadh costas bailithe an táille níos airde ná an táille féin (feidhm leis seo nuair atá táille níos lú ná €6.35)
- a bheadh an t-eolas an-úsáideach i dtuiscint ábhar a bhfuil tábhacht náisúnta leis
- is cóipeáil eolas pearsanta atá i gceist agus nach mbeadh sé réasúnach, ag cur san áireamh acmhainn an iarratasóra agus nádúr na dtaifead atá á lorg, táille a ghearradh.

4 Cúraimí Údarás Na Gaeltachta

An Ghaeltacht

Clúdaíonn an Ghaeltacht codanna fairsinge de chontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus Chiarraí - iad ar fad geall leis ar imeallbhord an Iarthair- agus codanna freisin de chontaetha Chorcaí, na Mí agus Phort Láirge. Cé go bhfuil Béarla ag daonra uile na Gaeltachta, is iad na codanna seo amháin den tír ina bhfuil Gaeilge á labhairt fós mar theanga phobail. Tá os cionn 92,000 duine i bpobal na Gaeltachta de réir Daonáireamh 2006.

Ó bunaíodh an Stát ghlac Rialtas i ndiaidh a chéile leis go raibh fíorthábhacht ag baint le caomhnú agus forbairt na Gaeltachta. Ní hamháin go soláthraíonn sí deis agus dúshlán chun leanúnachas na Gaeilge mar theanga phobail a choinneáil beo, ach freisin soláthraíonn an Ghaeltacht an timpeallacht is fearr ar fad do dhaoine ar mian leo an Ghaeilge a bheith ar a dtoil acu. Soláthraíonn na limistéir seo timpeallacht inar féidir leis an teanga fás go nádúrtha i suíomh comhaimseartha.

Údarás na Gaeltachta

Tá sé mar chúram ar Údarás Na Gaeltachta eacnamaíocht na Gaeltachta a fhorbairt mar dhúshraith do chaomhnú agus do shaibhriú na Gaeilge mar phríomhtheanga an phobail. Chun an cuspóir seo a bhaint amach cothaíonn an tÚdarás scéimeanna táirgiúla fostaíochta trí acmhainní nádúrtha áitiúla, scileanna agus fiontraíocht a spreagadh agus a fhorbairt agus trí infeistíocht shoghluaiste a mhealladh chun na Gaeltachta.

Cothaíonn An tÚdarás forbairt pobail freisin, agus tacaíonn sé le réimse leathan de ghníomhaíochtaí teanga agus cultúir ina mbíonn grúpaí pobail agus tionscail ar fud na Gaeltachta páirteach.

Na hAchtanna um Údarás na Gaeltachta, 1979 go 1999

Bunaíodh Údarás na Gaeltachta faoin Acht um Údarás na Gaeltachta 1979 ar 1 Eanáir 1980. Feidhmíonn an tÚdarás faoin Acht sin agus leasuithe atá déanta air ó shin. Tagraítear don Acht agus na leasuithe mar na hAchtanna um Údarás na Gaeltachta, 1979 go 1999.

Cuireann na hAchtanna na cúraimí seo leanas ar an Údarás:

- Caomhnú agus leathadh na Gaeilge mar phríomh-mheán cumarsáide sa Ghaeltacht a spreagadh agus a chinntiú gurb í an Ghaeilge a úsáidfear a mhéid is féidir nuair a bheidh a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige agus thar a cheann;
- Cibé tionscail agus scéimeanna táirgiúla fostaíochta is oiriúnach leis a sholáthar, a sheoladh, a rialú agus a bhainistiú (go díreach nó, in aon chás áirithe, trí chomhlacht corpraithe faoi rialú an Údaráis);
- Chun tionscail agus scéimeanna táirgiúla fostaíochta a bhunú, a fhorbairt nó a chothabháil sa Ghaeltacht beidh de chumhacht ag an Údarás in aon chás áirithe
  - (a) comhlacht corpraithe a fhoirmiú;
  - (b) páirt a ghacadh le daoine eile i bhfoirmiú comhlachta chorpraithe nó i gcomhpháirtíocht nó eile; agus
  - (c) faoi réir Alt 10, scaireanna i gcomhlacht corpraithe a cheannach nó a ghlacadh nó a dhíol;
  - (d) cúnamh airgid a thabhairt (deontais, scaireanna nó caiteachas ar fhoirgneamh nó eile).
- Scéimeanna, tionscadail, cláir agus saoráidí airgeadais eile a riaradh ar gá cistí ó institiúid de na Comhphobail Eorpacha nó cibé cistí eile a cheadóidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Airgeadais, a eisíoc ina leith.

- Chun críocha Alt 10 den Acht beidh de chumhacht ag an Údarás talamh, foirgnimh, margaí, áitribh nó gléasra a fháil, a ghlacadh nó a aistriú, a shealbhú, a dhíol, a mhorgáistiú, a léasú, a ligean nó a dhiúscairt ar shlí eile agus foirgnimh, margaí, áitribh nó gléasra a thógáil, a athrú nó a chothabháil.

An Ghaeltacht



An Ghaeltacht

Réigiún an Tuaisdirt
Gaeltacht Dhún na nGall

Réigiún Chonnacht/Laighean:
Gaeltacht Mhaigh Eo, na Gaillimhe & na Mí

Réigiún an Deiscirt:
Gaeltacht Chiarraí, Chorcaí & Phort Láirge

Foinse: Údarás na Gaeltachta
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
Lúnasa 2002

5 Straitéis agus Ráiteas Misin Údarás Na Gaeltachta

Straitéis

Ag teacht le bunaidhm an Stáit agus an Rialtais, is í móraidhm straitéiseach Údarás na Gaeltachta ná pobal bisiúil Gaeltachta, sainithe ag teanga, cultúr agus timpeallacht, a bhuanú, a neartú agus a fhorbairt. Straitéis chomhtháite forbartha an mhóraidhm, agus gach uile ghné den straitéis fhorbartha seo a bheith teanga-thuisceanach agus teanga-dhearfach, chomh fada is a bhaineann sé le sealbhú agus le buanú na Gaeilge mar ghnáth-urlabhra sa Ghaeltacht.

Is iad an teanga, an cultúr agus an timpeallacht a shainíonn an Ghaeltacht agus is astu sin a ghlacaimid an tiomantas agus an mórtas a thugann spreagadh dúinn le lánchumas na Gaeltachta agus a muintire a fhíoradh.

Ráiteas Misin : Forbairt Pobail agus Buanú Tenaga

An Ghaeltacht a neartú agus a fhorbairt mar bhonn leis an Ghaeilge a bhuanú mar phríomh-mheán cumarsáide an phobail.

Bainfear amach an cuspóir seo trí aidhmeanna straitéiseacha a leanúint sna réimsí seo

- Tionscnaimh Phobail agus Teanga
- Fiontraíocht agus Fostaíocht
- Oiliúint agus Forbairt Daonacmhainní

Tá na haidhmeanna seo fite fuaite le chéile agus tógann siad nithe mar a leanas san áireamh:

- Go mbíonn pobal láidir ag brath ar fhorbairt eacnamaíochta agus ar thionscail bhrabúsacha, ar raon leathan gníomhaíochtaí agus ar sheirbhísí tairbheacha pobalbhunaithe;
- Go mbíonn forbairt eacnamaíoch, tionscail agus fostaíocht thairbheach shóisialta ag brath ar fhoireann oibre a bhfuil scileanna agus éifeachtúlacht inti;
- Tuiscint a bheith ag daoine ar fhiúntas na scileanna atá riachtanach chun pobal gníomhach féinmhuiníneach a bhuanú.

6 Léargas ar Údarás Na Gaeltachta

Tá Ardoifig Údarás na Gaeltachta sna Forbacha i gContae na Gaillimhe. Tá oifigí réigiúnacha i nGaoth Dobhair i gContae Dhún na nGall, sa Daingean i gContae Chiarraí, sna Forbacha i gContae na Gaillimhe agus fo-oifigí i mBéal an Mhuirthead i gContae Mhaigh Eo agus i mBaile Mhic Íre i gContae Chorcaí.

Tá 20 comhalta ar Bhord an Údaráis, seacht nduine dhéag acu tofa go díreach ag muintir na Gaeltachta i dtoghchán a reachtáiltear gach cúig bliana nó mar sin agus triúr acu, an Cathaoirleach ina measc, ceaptha ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Cúnamh a Cheadú i gComhair Forbartha

Cuireann Údarás na Gaeltachta forbairt chun cinn sa Ghaeltacht trí chúnamh airgid agus eile a chur ar fáil do thograí forbartha, seirbhíse agus pobail. Is féidir le cúnamh a bheith i bhfoirm deontas i gcabhair, infheistíocht scaireanna, soláthar áitribh, nó eile, a bheadh oiriúnach don togra áirithe agus taobh istigh de na scéimeanna cúnaimh a bhíonn i bhfeidhm ag an Údarás ag an am.

Ceadaítear cúnamh a thugann an tÚdarás d'fhorbairt tionsclaíochta agus d'fhorbairt deiseanna fostaíochta eile ag leibhéal Bhord an Údaráis nó ag leibhéal na gCoistí Réigiúnacha. Tá trí Choiste Réigiúnach, comhdhéanta de chomhaltaí áitiúla Bhord an Údaráis agus a bhfuil cumhachtaí reachtúla tugtha dóibh faoin Acht um Údarás na Gaeltachta (Leasú) (Uimh. 2) 1999, ag feidhmiú ar bhonn tíreolaíoch mar seo leanas:

- Coiste Réigiúnach an Tuaiscirt ag a bhfuil cúraimí Ghaeltacht Dhún na nGall
- Coiste Réigiúnach Chonnacht/Laighean ag a bhfuil cúraimí na gceantar Gaeltachta i gcontaetha Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus na Mí
- Coiste Réigiúnach an Deiscirt ag a bhfuil cúraimí na gceantar Gaeltachta i gcontaetha Chiarraí, Chorcaí agus Phort Láirge.

7 Struchtúr na hEagraíochta

Tá feidhmeannas an Údaráis comhdhéanta de mhór-rannóga straitéiseacha, a bhfuil fo-rannóga mar chuid díobh, i dtreo láimhseáil éifeachtach a dhualgais. Ar na ceithre mhór-rannóg sin tá:

Corparáid
Pleanáil agus Polasaí
Fiontraíocht agus Fostaíocht
Maoin agus Innealtóireacht

Tá na mór-rannóga seo go léir freagrach, i gcomhlíonadh a ndualgas, don Phríomhfheidhmeannach.

Tá cur síos sna leathanaigh ina dhiaidh seo ar na mór-rannóga sin, na fo-rannóga atá mar chodanna díobh agus a ról agus struchtúr, a ndualgais agus cur síos ar na cineálacha taifead atá á gcoinneáil acu.

Tugann an Chairt Eagraíochta mórléargas ar struchtúr fheidhmeannas an Údaráis.



8 Mór-Rannóga Údarás Na Gaeltachta

8.1 Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh

Ról agus Struchtúr

Tá cúram bainistíochta agus riartha ghnóthaí Údarás na Gaeltachta ó lá go lá ar an bPríomhfheidhmeannach.

Tuairiscíonn sé do Bhord an Údaráis agus is airsean atá mórchúraimí riaracháin an fheidhmeannais.

Na Seirbhísí a chuirtear ar fáil

- Bainistiú agus riaradh na heagraíochta
- Dea-chaidreamh a chothú idir An tÚdarás agus an Státchóras i gcoitinne agus Pobal na Gaeltachta.

Teacht ar Eolas

Is féidir teacht ar eolas faoi fheidhmiú Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh trí theagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Rúnaíochta mar a leanas:

An Rannóg Rúnaíochta,
Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: runai@udaras.ie

Aicmí Taifead

Is iad na príomhchomhaid atá i Rannóg an Phríomhfheidhmeannaigh ná

- Comhaid Riaracháin
- Comhaid Chomhfhreagrais
- Ráitis ó Chomhaltaí den Údarás agus ó Oifigigh ainmnithe faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí
- Tuarascálacha agus Foilseacháin éagsúla.

Is féidir go bhfuil na taifid seo i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm pháipéir

8.1.1. Iniúchadh Inmheánach

Ról agus Struchtúr

Cuireann comhlacht seachtrach seirbhís iniúchóireachta inmheánaí ar fáil don Údarás agus dá chuid fochuideachtaí ar bhonn conartha. Déanann an comhlacht clár iniúchta inmheánaigh a aontú, a chur i gcrích, a thuairisciú agus a leanúint mar is gá nó mar a iarrann an Príomhfheidhmeannach nó an Coiste Iniúchta. Cabhraíonn Rúnaí an Údaráis le comhordú na seirbhíse seo ar son an

Phríomhfheidhmeannaigh agus ar son an Choiste Iniúchta. Is féidir leis an tseirbhís iniúchadh a dhéanamh ar gach gné agus gníomh de chuid an Údaráis agus dá chuid fochuideachtaí.

Na Seirbhísí a chuirtear ar fáil

Is don eagraíocht féin a chuirtear an tseirbhís iniúchóireachta ar fáil.

Teacht ar Eolas

Ba cheart fiosrúcháin maidir leis an tseirbhís iniúchóireachta inmheánaí a chur chuig:

An Rúnaí,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: runai@udaras.ie

Aicmí Taifead

Tá na catagóirí comhad seo leanas ag an tSeirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí:

- Comhaid Iniúchóireachta Inmheánaí
- Comhaid maidir lena gnóthaí leis an Údarás
- Comhfhreagras ginearálta leis an Údarás agus le fochuideachtaí.

Is féidir go bhfuil na taifid seo i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm pháipéir

8.2 An Rannóg Corparáideach

Tá cúraimí riaracháin corparáideacha an Údaráis, mar a bhfuil na Rannóga Rúnaíochta, Dlí, Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne, Airgeadais, agus Ríomhaireachta, lonnaithe sa Rannóg Corparáideach.

8.2.1 An Rannóg Rúnaíochta

Ról agus Struchtúr

Is é ról na rannóige ná cuidiú leis an Údarás cleachtais chuí chorparáideacha a chur i bhfeidhm ina chuid oibre. Cuidíonn an rannóg lena chinntiú go gcomhlíonann Údarás na Gaeltachta a dhualgais reachtúla, go gcloíonn sé le polasaithe, le scéimeanna agus le treoirlínte mar atá leagtha síos, agus go gcuirfidh sé polasaithe agus modhanna imeachta sásúla i bhfeidhm chun na dualgais sin a chomhlíonadh.

Tá dualgas ar an rannóg maidir le:

- Freastal ar riachtanais Bhord an Údaráis, a chruinnithe agus miontuairiscí, fochoistí áirithe de chuid an Bhoird, agus an Coiste Meastóireachta agus an Coiste Iniúchta.
- Freastal ar an ngaol idir an tÚdarás agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar a bhfuil cúram maidir leis an Údarás
- Ceisteanna Dála agus iarratais eile ar eolas ó ionadaithe poiblí, ranna Stáit agus eagrais Stáit eile, mar Fiontraíocht Éireann, An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail, Forfás agus Comhlacht Forbartha na Sionna (Shannon Development)
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise agus an tAcht um Chosaint Sonraí agus Rochtain ar Fhaisnéis Faoin gComhshaoil.
- Soláthairtí oifige agus seirbhísí riaracháin eile don eagraíocht.
- Culghairm agus Díscríobh Deontais.

Seirbhísí a chuirtear ar fáil

1. Seirbhís Bhunaithe Cuideachtaí
   Chomh maith le seirbhís chorparáideach rúnaíochta a chur ar fáil d'fhochuideachtaí de chuid an Údaráis, cuirtear seirbhís theoranta bhunaithe cuideachtaí ar fáil do chliaint de chuid an Údaráis. Is féidir teacht ar an tseirbhís seo go príomha trí theagmháil a dhéanamh leis an oifigeach forbartha ón Údarás a bhíonn ag plé leis an gcliant in aon chás ar leith.

2. Achainíocha agus Fiosrúcháin
   I gcás míshásaimh nó éiginnteachta tá de nós ag ionadaithe poiblí achainíocha agus fiosrucháin ghinearálta faoi imeachtaí an Údaráis a chur chuig an Údarás nó chuig oifigigh ar leith dá chuid. Déantar cuid mhór díobh sin a fhiosrú tríd an Rannóg Rúnaíochta. Is féidir achainíocha agus fiosrúcháin ghinearálta a chur chuig: An Rúnaí, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.

3. Láimhseáil Gearán
   Tá modh imeachta foirmiúil le haghaidh láimhseáil gearán. Seachas i gcásanna a bhaineann leis an Rúnaí féin, is é an Rúnaí an teagmhálaí don mhodh imeachta sin. I gcásanna eile is féidir gearáin a sheoladh chuig an bPríomhfheidhmeannach ag an seoladh céanna.

Teacht ar Eolas

Ba cheart aon fhiosrúchán maidir le hobair na rannóige a chur chuig:

Brian Ó Cuív, Rúnaí,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: b.ocuiv@udaras.ie

Aicmí Taifead

Tá na taifid seo a leanas le fáil sa Rannóg Rúnaíochta:

- Doiciméid Bhoird agus miontuairiscí ar chruinnithe an Údaráis, an Choiste Mheastóireachta, an Choiste Iniúchta agus na gCoistí Réigiúnacha
- Clárleabhair chuideachtaí a gcuireann an rannóg seirbhísí rúnaíochta reachtúla ar fáil dóibh, chomh maith le heolas tacaíochta ar chomhaid, cóipeanna de mhiontuairiscí reachtúla san áireamh
- Taifid ar éilimh agus ar íocaíochtaí costas taistil agus cothaithe chomhaltaí Boird an Údaráis agus an Choiste Mheastóireachta
- Cáipéisí maidir le scéimeanna, treoirlínte, leibhéil údaráis, buan-orduithe an Údaráis féin, modhanna imeachta agus forálacha eile an Údaráis; agus téarmaí tagartha agus buan-orduithe agus comhaltas ar fhochoistí de chuid an Údaráis
- Litreacha ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i dtaca le ceapacháin ar an Údarás, ar an gCoiste Meastóireachta agus litreacha ceadúcháin agus údaráis eile
- Clár leasanna comhaltaí agus baill foirne do chuspóirí Alt 15A den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979 (arna chur isteach ag alt 12 den Acht um Údarás na Gaeltachta (Leasú)(Uimh. 2), 1999), agus taifead bliantúil de chinntí inar nochtadh leas dá leithéid
- Comhaid riaracháin ar obair na rannóige
- Comhaid ar chomhfhreagras le hionadaithe poiblí agus ar fhiosrúcháin eile, agus ar chomhphlé agus ar chomhfhreagras leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar ghnéithe éagsúla d'obair an Údaráis agus a ghaol leis an Roinn
- Comhaid maidir le hIniúchadh Inmheánach
- Cóipeanna de theastais a eisíonn an tÚdarás ó am go ham faoin Scéim Faoisimh Chánach do Shíolchaipiteal agus faoi Scéim Leathnaithe Gnó
- Comhaid an Údaráis ar iarratais ar eolas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus (más ann dóibh) ar iarratais ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol.

Is féidir go bhfuil na taifid seo i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm pháipéir.

8.2.2 An Rannóg Dlí

Ról agus Struchtúr

Is í príomhaidhm na Rannóige Dlí ná seirbhís dlí a chur ar fáil don Údarás i gcomhlíonadh gach gné dá chuid oibre. Tá dlíodóir cáilithe i bhfeidhil na rannóige.

Na Seirbhísí a chuirtear ar fáil

Is í an Rannóg Dlí a réitíonn:

- Comhaontuithe Deontais
- Comhaontuithe Scairshealbhóireachta
- Léasanna ar fhoirgnimh agus maoin eile an Údaráis
- Cáipéisíocht maidir le díol agus ceannach maoine
- Cáipéisíocht maidir le cásanna dlí lena bhfuil an tÚdarás bainteach agus maidir le comhairle dlí a lorgaíonn an tÚdarás.

Ó tharla gur ag plé le cúrsaí dlí na heagraíochta in iomlán a bhíonn an rannóg, ní chuirtear aon tseirbhís ar fáil go díreach don phobal.

Teacht ar eolas

Níl aon eolas foilsithe ar fáil maidir le hobair na rannóige. Ba cheart fiosrúcháin ghinearálta maidir le hobair na rannóige a chur chuig:

Mairéad Ní Rinn, Oifigeach Dlí,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: mnirinn@udaras.ie

Aicmí Taifead

Tá taifid mar seo a leanas le fáil sa Rannóg Dlí:

- Réamhsamplaí de chomhaontuithe dlíthiúla idir an tÚdarás agus a chliaint m.sh. comhaontuithe deontais, léasanna, comhaontuithe subscríbhinne
- Comhaontuithe dlíthiúla idir an tÚdarás agus a chliaint
- Doiciméid Teidil
- Comhaid Dlí, ar a n-áirítear:
  - Comhfhreagras idir an Rannóg Dlí agus cliaint an Údaráis nó a gcuid gníomhairí
  - Comhfhreagras idir an Rannóg Dlí agus Clárlann na Talún, Coimisiún na Talún, Na Coimisnéirí Ioncaim agus eagraíochtaí Stáit eile
- Comhaid riaracháin ghinearálta.

Is féidir go bhfuil na taifid seo i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm pháipéir

8.2.3 An Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne

Ról agus Struchtúr

Is í príomhaidhm na rannóige ná a bheith rannpháirteach in aidhmeanna corparáideacha Údarás na Gaeltachta trí pholasaithe acmhainní daonna agus forbartha foirne na heagraíochta a chur i bhfeidhm.

Na Seirbhísí a chuirtear ar fáil

Baineann na príomhghnéithe seo a leanas le comhlíonadh dhualgais na rannóige:

- Riachtanais foirne a aithint, aontú cuí ina leith a fháil agus poist a fhógairt agus a líonadh
- Riachtanais oiliúna na foirne a aithint agus deiseanna forbartha a chur ar fáil
- Dea-mhéin a chothú leis an bhfoireann agus ceardchumainn
- Faomhadh a fháil do chúrsaí pá foirne agus do théarmaí eile fostaíochta agus iad a chur i bhfeidhm
- Scéimeanna aoisliúntais a riaradh
- Scéimeanna leasa foirne agus cúraimí éagsúla eile a thiteann ar an rannóg a chur i bhfeidhm
- Cúraimí an Údaráis maidir le cur i bhfeidhm an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair
- Dea-chleachtais an Údaráis i gcúrsaí foirne agus fostaíochta a chothú
- Scéim Forbartha Bainistíochta, Scéim Forbartha Printíseachta agus obair ghaolmhar eile maidir le Forbairt Acmhainní Daonna a riaradh.

Teacht ar Eolas

Ba cheart fiosrúcháin maidir le hobair na rannóige a chur chuig:

Pádraic Ó Conghaile, Feidhmeannach Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: p.oconghaile@udaras.ie

Aicmí Taifead

Tá na taifid seo a leanas le fáil sa Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne:

- Taifid phearsanra fhoireann riaracháin, ghairmiúil agus theicniúil an Údaráis ina bhfuil eolas maidir le conarthaí fostaíochta, taifid seirbhíse, rátaí pá agus tuarastail, agus gach gné eile de ghaol an Údaráis lena fhostaithe agus a iarfhostaithe
- Taifid maidir le hearcú foirne
- Comhfhreagras leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le cúrsaí foirne san Údarás
- Ráiteas Sábháilteachta an Údaráis
- Cóipeanna de reachtaíochtaí fostaíochta éagsúla
- Comhfhreagras leis an bhfoireann agus a gceardchumainn
- Cód Iompair, lámhleabhar foirne agus comhaontuithe le foireann na heagraíochta
- Comhaid maidir le scéimeanna aoisliúntais agus riaradh na scéimeanna sin
- Comhaid ar an Scéim Forbartha Bainistíochta

- Comhaid ar an Scéim Forbartha Printíseachta.

Is féidir go bhfuil na taifid seo i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm pháipéir

8.2.4 An Rannóg Airgeadais

Ról agus Struchtúr

Feidhmíonn Rannóg Airgeadais an Údaráis sa Rannóg Corparáideach mar chuid lárnach d'obair an Údaráis i bhfreastal ar riachtanais iomlán airgeadais an eagrais.

I measc foireann na Rannóige tá cuntasóirí cáilithe agus baill foirne eile. Úsáideann an tÚdarás an Rannóg seo chun conradh fiúntach oibre a thabhairt do chéimithe óga Gaeltachta fhaid is atá siad ag staidéar i dtreo cáilíocht ghairmiúil a bhaint amach.

Na Seirbhísí a chuirtear ar fáil

Tá dualgas ar an Rannóg Airgeadais maidir le bainistiú iomlán airgeadais an Údaráis.

I measc na seirbhísí a chuireann an Rannóg ar fáil, tá:

- Ullmhúchán Meastacháin Bhliantúla an Údaráis
- Maoiniú an Údaráis ón Státchiste a éileamh agus a bhainistiú
- Íocaíochtaí uile an Údaráis a dhéanamh
- Cúrsaí Cánach agus gnóthaí eile dlíthiúla airgeadais a choinneáil cothrom le dáta
- Clár Sócmhainní Dochta a choinneáil
- Cíos a bhailiú ó thionóntaí an Údaráis agus fiacha eile a bhailiú
- Cuntais Mhíosúla agus Deireadh Bliana a réiteach
- Cinntiú go gcloítear le riachtanais maidir le Rialacháin 2002 a bhaineann le hÍoc Pras in Idirbhearta Tráchtála
- Cuntas ar mhaoiniú ó na Cistí Struchtúrtha agus cistí eile an Aontais Eorpaigh
- Feidhmíonn an Ceannasaí Airgeadais mar Oifigeach Soláthair don Údarás freisin, d'fhonn comhlíonadh le modhanna imeachta cuí i dtaca le soláthar poiblí a chinntiú.

Teacht ar Eolas

Ba cheart fiosrúcháin ghinearálta maidir le hobair na rannóige a chur chuig:

Gearóid Breathnach, Ceannasaí Airgeadais,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: breathnach@udaras.ie

Tá eolas iomlán ar chúrsaí airgeadais an Údaráis, idir chaipiteal agus reatha, ar fáil sa Rannóg Airgeadais chomh maith leis na leabhair chuntais go léir ar gá a choimeád, chun dualgais reachtúla an Údaráis a chomhlíonadh.

Aicmí Taifead

Tá na taifid seo a leanas le fáil sa Rannóg Airgeadais:

- Cuntais airgeadais Údarás na Gaeltachta
- Comhaid Chliaint
- Comhaid ar oifig NASC sa Bhruiséal
- Sonraí faoi sholáthraithe agus chonraitheoirí agus treoirlínte maidir le soláthar poiblí
- Comhaid ar Scéimeanna Fostaíochta Pobail
- Clár Sócmhainní Dochta
- Sonraisc chreidiúnaithe agus féichiúnaithe
- Comhaid Riaracháin.

Is féidir go bhfuil na taifid seo i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm pháipéir

8.2.5 An Rannóg Ríomhaireachta

Ról agus Struchtúr

Tá cúram ar an Rannóg Ríomhaireachta:

- Tacaíocht a thabhairt do na córais leictreonacha san eagraíocht agus cothabháil a dhéanamh orthu
- Tosaíocht a thabhairt i bhforbairt chórais leictreonacha
- Bealaí barrainneacha a aimsiú chun leas a bhaint as an nuatheicneolaíocht ar mhaithe le haidhmeanna na heagraíochta.

Na Seirbhísí a chuirtear ar fáil

Soláthraíonn an rannóg seirbhís inmheánach a chlúdaíonn:

- Bainistiú ar chrua-ábhair agus bhogábhair na heagraíochta
- Bainistiú ar chórais chumarsáide idir ríomhaireacht agus chórais theileachumarsáide
- Cabhrú le bainistiú, cothabháil agus forbairt chórais leictreonacha ar mhaithe le héifeacht na heagraíochta.

Ní sholáthraíonn an Rannóg aon seirbhísí don phobal i gcoitinne.

Teacht ar Eolas

Ba cheart fiosrúcháin maidir le hobair na rannóige a chur chuig:

Seán Ó Ráighne, Bainisteoir Ríomhaireachta,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: oraighne@udaras.ie

Aicmí Taifead

Tá na taifid seo a leanas le fáil sa Rannóg Ríomhaireachta:

- Gach córas eolais leictreonach de chuid an Údaráis
- Comhaid eolais, lámhleabhair chórais
- Comhaid riaracháin ghinearálta.

Is féidir go bhfuil na taifid seo i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm pháipéir.

8.3 An Rannóg Pleanála agus Polasaí

Tá cúraimí polasaí agus pleanála lonnaithe sa rannóg seo. Clúdaíonn an fheidhm phleanála pleanáil straitéiseach agus chorparáideach agus pleanáil teanga. Tá an dualgas maidir le cur i bhfeidhm na gcúraimí seo dáilithe ar fho-rannóga éagsúla agus tá cur síos orthu sin tugtha thíos:

Pleanáil
Cultúir agus Teanga
Forbairt Pobail
Turasóireachta Chultúrtha
Oifig NASC sa Bhruiséal
Forbairt Réigiúnach

Teacht ar Eolas

Is féidir teacht ar eolas faoi fheidhmiú na Rannóige trí theagmháil a dhéanamh le:

Stiofán Ó Cúláin, Ardbhainisteoir Polasaí agus Pleanála
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: stoc@udaras.ie

8.3.1 Pleanáil

Ról agus Struchtúr

Tá príomhghnéithe an chúraim ceangailte le pleanáil chorparáideach don eagraíocht.

Na Seirbhísí a chuirtear ar fáil

- Ról lárnach i gcur le chéile straitéis na heagraíochta
- Tuairisciú ar dhul chun cinn na straitéise bunaithe ar na spriocanna agus na slata tomhais aontaithe
- Teagmháil le ranna agus eagrais Stáit eile
- Suirbhé fostaíochta bliantúil agus suirbhéanna éagsúla eile a dhéanamh
- Ról monatóireachta ar an gcóras eolais cliaint i gcomhar leis an Rannóg Ríomhaireachta
- Comhordú ar léirmhíniú ar Rialacha an Aontais Eorpaigh agus an Stáit i dtaca le Cabhair Stáit, agus ar a gcur i bhfeidhm san Údarás.

Teacht ar Eolas

Ba cheart fiosrúcháin ghinearálta maidir leis an gcúram seo a chur chuig:

Sonya Nic Lochlainn, Feidhmeannach Pleanála
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: snl@udaras.ie

Aicmí Taifead

Tá na taifid seo a leanas le fáil sa Rannóg Pleanála:

- Comhaid ar Chabhair Stáit
- Plean Straitéiseach an Údaráis
- Comhaid de Chomhfhreagras leis na Ranna Stáit
- Comhaid de Chomhfhreagras le hEagraíochtaí eile
- Suirbhéanna Fostaíochta agus Suirbhéanna eile
- Mapaí agus eolas tíreolaíoch eile i bhfoirm leictreonach.

Is féidir go bhfuil na taifid seo i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm pháipéir

8.3.2 Cultúr agus Teanga

Ról agus Struchtúr

Eascraíonn freagracht an Údaráis i leith na Gaeilge as an bhforáil san Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979 a éilíonn go ndéanfaidh an tÚdarás buanú agus leathadh na Gaeilge mar phríomh-mheán cumarsáide sa Ghaeltacht a spreagadh. Is cuspóir lárnach de chuid na rannóige an Ghaeilge a threisiú agus a neartú mar phríomh-mheán cumarsáide i ngnóthaí an Údaráis agus i measc an phobail.

Tá na gnéithe seo thíos mar chodanna lárnacha d'obair na rannóige:

- Scéimeanna agus tionscnaimh oiriúnacha a cheapadh a chinnteoidh gurb í an Ghaeilge a úsáidfear i réimse ilghnéitheach tionscadal a gcuireann an tÚdarás maoiniú ar fáil dóibh
- Buanú agus leathadh na Gaeilge mar phríomh-mheán cumarsáide i measc an phobail a spreagadh laistigh de théarmaí tagartha agus scéimeanna na heagraíochta.

Na Seirbhísí a chuirtear ar fáil

Riarann an Rannóg réimse leathan tionscadal atá dírithe ar chothú, spreagadh agus ar chur chun cinn na teanga agus an chultúir sna ceantair Ghaeltachta. Áirítear iad seo a leanas i measc na bpríomhthionscadal agus na scéimeanna atá á maoiniú nó á bpáirtmhaoiniú chun an teanga a chur chun cinn:

- Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo. – Comhlacht Neamhspleách a chuireann seirbhísí luathoideachais Gaeilge ar fáil
- Óige na Gaeltachta Teo. – Comhlacht Neamhspleách a sholáthraíonn Ógsheirbhís don Ghaeltacht
- Ionaid Seirbhísí Teanga – Cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta
- Forbairt imeachtaí cultúrtha, pobail agus ealaíona a bhfuil an Ghaeilge lárnach iontu
- Cur chun cinn na Gaeilge i ngnólachtaí na Gaeltachta

- Forbairt na Scéime Teanga “Gaeilge 2010”

Teacht ar Eolas:

Is féidir teacht ar eolas faoi scéimeanna cultúir agus teanga trí chóip de leabhrán eolais na rannóige a lorg nó trí theagmháil a dhéanamh leis na hOifigigh Chultúir agus Teanga sa réigiún cuí.

Ba cheart fiosrúcháin maidir le hobair na rannóige a chur chuig:
Máire Ní Mhainín, Comhordaitheoir Teanga nó Peadar Ó Maoláin, Feidhmeannach Cultúir agus Teanga
An Rannóg Cultúir agus Teanga,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: m.nimhainin@udaras.ie, p.omaolain@udaras.ie

Aicmí Taifead

Tá na taifid seo a leanas le fáil sa Rannóg:

- Comhaid ar theagmháil na rannóige le heagrais eile
- Comhaid maidir le gníomhaíochtaí na rannóige sa phobal
- Comhaid Riaracháin.

Is féidir go bhfuil na taifid seo i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm pháipéir

8.3.3 Forbairt Pobail

Ról agus Struchtúr

Sé ról na rannóige seo scéimeanna an Údaráis atá dírithe ar chomharchumainn, ar chomhlachtaí pobalbhunaithe agus ar choistí deonacha pobail a riaradh agus a fheidhmiú. Cuidíonn an rannóg trí phróiseas comhairleach agus dreasachtaí airgeadais an Údaráis le clár cuimsitheach forbartha pobail arb iad na príomhghnéithe de ná scéim dheontas reachtála na gcomharchumann agus an clár forbartha pobail atá bunaithe ar pháirtíocht choistí pobail. Riarann an Rannóg líon mór Séimeanna Fostaíochta Pobail ar fud na Gaeltachta i gcomhar le FÁS agus grúpaí forbartha pobail áitiúla. Riarann an Rannóg freisin an Scéim Shóisialta Tuaithe i gcomhar le Pobal ar son na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá Bainisteoir Forbartha Pobail i gceannas ar an Rannóg agus tá feidhmeannaigh sna hoifigí réigiúnacha freagrach as soláthar seirbhísí na rannóige.

Na Seirbhísí a chuirtear ar fáil

- Comhairle do chomharchumainn agus choistí deonacha
- Measúnú ar thograí pobail
- Riaradh scéimeanna fostaíochta pobail
- Riaradh scéim dheontas reachtála comharchumann agus comhlachtaí pobalbhunaithe
- Comhairle maidir le tograí sa gheilleagar sóisialta
- Riaradh Scéim Shóisialta Tuaithe

Teacht ar Eolas

Ba cheart fiosrúcháin ghinearálta maidir le hobair na rannóige a chur chuig

Tadhg Ó Conghaile, Bainisteoir Forbartha Pobail,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: t.oconghaile@udaras.ie

Aicmí Taifead

Tá taifid mar a leanas ar fáil sa Rannóg Forbartha Pobail:

- Bróisiúir ar scéimeanna na Rannóige
- Comhaid ghinearálta riaracháin.

Is féidir go bhfuil na taifid seo i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm pháipéir

8.3.4 Turasóireacht Chultúrtha

Ról agus Struchtúr

Feidhmiú plean oibre atá dírithe ar mhargaíocht agus forbairt a dhéanamh ar an tionscal turasóireachta cultúrtha sa Ghaeltacht.

Bhí an obair seo á riaradh ag fochuideachta de chuid an Údaráis, Imeachtaí Gaelsaoire Teo, go dtí 2006 agus bhí an branda 'Gaelsaoire' á úsáid don fheachtas margaíochta.

Na Seirbhísí a chuirtear ar fáil

- Comhairle ar fhorbairt táirgí turasóireachta cultúrtha sa Ghaeltacht
- Comhairle ar fheidhmiú tionscnaimh mhargaíochta turasóireachta cultúrtha
- Eolas ar nascanna le heagraíochtaí turasóireachta réigiúnacha agus náisiúnta.

Teacht ar Eolas

Ba cheart fiosrúcháin ghinearalta maidir le hobair na rannóige a chur chuig:

Sonya Nic Lochlainn, Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: snl@udaras.ie

Aicmí Taifead

Tá na taifid seo a leanas le fáil sa Rannóg Turasóireachta Cultúrtha:

- Réimse leathan foilseachán turasóireachta
- Plean staitéiseach turasóireachta cultúrtha Gaeltachta 2007 – 2010
- Foirmeacha iarratais ar dheontais éagsúla

Is féidir go bhfuil na taifid seo i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm pháipéir

8.3.5 Oifig NASC sa Bhruiséal

Ról agus Struchtúr

Tá Údarás Na Gaeltachta páirteach le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh agus le Comhairlí Contae Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe, Chiarraí agus Chorcaí, agus le Comhairle Cathrach na Gaillimhe i maoiniú oifig eolais ar chúrsaí na hEorpa sa Bhruiséal dá rannpháirtithe.

Oibríonn NASC ar pholasaithe agus ar chláir ag leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus an Aontais Eorpaigh agus is é sin an príomhlíonra trína n-oibríonn na rannpháirtithe ar thograí AE.

Seirbhísí a chuirtear ar fáil

Cuireann oifig NASC sa Bhruiséal seirbhísí comhordaithe, mar a leanas, ar fáil do rannpháirtithe NASC:

- Tuairiscí rialta ar ghnéithe éagsúla de obair an AE, idir pholasaithe, chláir agus fhoinsí maoinithe
- Cúnamh do rannpháirtithe NASC maidir le réiteach iarratais faoi chláir an AE
- Soláthar eolais ar an AE do rannpháirtithe NASC
- Cúnamh do rannpháirtithe le fiosruithe faoi chúrsaí an AE.

Teacht ar Eolas

Tá eolas faoi obair na hOifige ar fáil ar shuíomh idirlín ag www.nasc.ie

Ba cheart fiosrúcháin maidir le hobair na rannóige a chur chuig:
Seán Ó Beinéid, Stiúrthóir, NASC (West Ireland European Liaison),
9iéme étage, Rond-Point Schuman 6, B-1040 Brussels.
Fón: 00322 282 8404 **Facs:** 00322 282 8406
Ríomhphost: j.bennett@pophost.eunet.be

Aicmí Taifead

Tá na taifid seo a leanas le fáil in Oifig na Bruiséile:

- Polasaithe agus Cláir deiseanna maoinithe an AE
- Tograí AE
- Tuairiscí eolais

- Comhaid Riaracháin
- Miontuairiscí cruinnithe na rannpháirtithe
- Foilseacháin Choimisiún na hEorpa
- Comhfhreagras Ginearálta
- Foilseacháin éagsúla eile.

Is féidir go bhfuil na taifid seo i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm pháipéir

8.3.6 Forbairt Réigiúnach

Teacht ar Eolas

Is féidir teacht ar eolas faoi fheidhmiú na hearnála seo trí theagmháil a dhéanamh le:

Stiofán Ó Cúláin, Ardbhainisteoir Polasaí agus Pleanála
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: stoc@udaras.ie

Oifigí Réigiúnacha an Údaráis

Ról agus Struchtúr

Chun freastal ar a dhualgais sna réigiúin tá oifigí réigiúnacha lonnaithe ag an Údarás sna trí phríomhréigiún Gaeltachta.

Is é ról na n-oifigí seo ná polasaí agus scéimeanna tacaíochta an Údaráis a fheidhmiú go háitiúil. Is iad na ceantair fheidhme atá i gceist ná ceantair Ghaeltachta Dhún na nGall i Réigiún an Tuaiscirt; na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus na Mí i Réigiún Chonnacht/Laighean; agus Chiarraí, Chorcaí agus Phort Láirge i Réigiún an Deiscirt. Léiríonn Mapa na Gaeltachta sa leabhrán seo leagan amach na limistéar a chlúdaíonn gach Réigiún.

Tá na hOifigí Réigiúnacha freagrach go príomha don Ardbhainisteoir Pleanála agus Polasaí.

Seirbhísí sna Réigiúin

Gaeltacht Dhún na nGall

Tá príomhoifig réigiúnach an Údaráis sa tuaisceart ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair agus is anseo atá foireann iomlán Oifig Réigiúnach Dhún na nGall lonnaithe. Déantar freastal rialta i nGleann Cholm Cille, sa Ghaeltacht Láir, sna Rosa, i gCloich Cheann Fhaola agus i gceantar Fhánada, agus ar na hOileáin Ghaeltachta, Árainn Mhór agus Toraigh, mar is gá, chun a chinntiú go gcuirtear seirbhís iomlán ar fáil don phobal.

Gaeltacht Chonnacht/Laighean

I dteannta leis an Oifig Réigiúnach atá lonnaithe san Ardoifig sna Forbacha, tá fo-oifig bhuan ag an Údarás i mBéal an Mhuirthead. Bíonn fáil ar fheidhmeannaigh go rialta in áiteacha mar Charna, Cheantar na nOileán, Dhúiche Sheoigheach, Acaill, Ráth Chairn, Bhaile Ghib agus Thuar Mhic Éadaigh, agus na trí oileán Árann.

Gaeltacht na Mumhan

Tá príomhoifig an Deiscirt lonnaithe sa Daingean i nGaeltacht Chorca Dhuibhne, an lárionad pobail is mó i nGaeltacht an Deiscirt. Tá fo-oifig bhuan, ina bhfuil foireann lánaimseartha, i mBaile Mhic Íre i gContae Chorcaí. Déanann oifigigh an Údaráis freastal rialta ar bhonn seachtainiúil ar cheantar na Rinne/An tSeanphobail i bPort Láirge, ar Uíbh Ráthach i gCiarraí Theas agus ar Oileán Chléire mar is gá.

Trí fhreastal ar na ceantair éagsúla ar bhonn rialta, cinntíonn an tÚdarás go bhfuil éascaíocht ag baint lena sheirbhísí a bheith ar fáil do phobal iomlán na Gaeltachta.

Clár Oibre

Feidhmíonn na hOifigí Réigiúnacha trí chlár oibre a haontaítear go hinmheánach agus le Coistí Réigiúnacha an Bhoird gach bliain. Bíonn sonraí sa chlár ar na príomhfhorbairtí atá beartaithe do na focheantair éagsúla, ar an gclár ama atá i gceist agus ar aon cheisteanna ábhartha a bhaineann leis na tograí éagsúla. Le blianta beaga anuas tá an clár oibre dírithe ar thosaíochtaí ar leith a ghlacadh sna focheantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste sna Réigiúin chun cuidiú leo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla atá le sárú ón taobh eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha de.

An Réimse Feidhmeanna

Tá réimse feidhmeanna na nOifigí an-leathan ach is féidir é a rangú mar a leanas:

- Forbairt Miontograí agus iarchúram do thionscadail atá lonnaithe ina gceantair feidhme
- Cultúr agus Teanga
- Turasóireacht
- Acmhainní Nádúrtha
- Forbairt Pobail
- An Geilleagar Sóisialta
- Scéim na gComharchumann
- Comhcheangal le hEagraíochtaí eile, agus
- Feidhmiú scéimeanna eile an Údaráis sna Réigiúin.

Cuireann na hOifigí Réigiúnacha réimse eile seirbhísí tánaisteacha, ceangailte le forbairt tionscail agus pobail, ar fáil chomh maith.

Teacht ar Eolas

Is féidir teacht ar eolas faoi fheidhmiú na nOifigí Réigiúnacha trí theagmháil a dhéanamh leis na Bainisteoirí Réigiúnacha mar leanas:

Cathal Mac Suibhne,
Bainisteoir Réigiúnach an Tuaiscirt,
Údarás Na Gaeltachta,
Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair,
Doirí Beaga,
Co. Dhún na nGall.
Fón: (074) 9560100 **Facs:** (074) 9560101
Ríomhphost: cmacs@udaras.ie

Máirtín Ó Conghaile,
Bainisteoir Réigiúnach Chonnacht/Laighean
Údarás Na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Co na Gaillimhe.
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101 **Ríomhphost:** m.oconghaile@udaras.ie

Éamonn Ó Neachtain,
Bainisteoir Réigiúnach an Deiscirt
Údarás Na Gaeltachta,
An Daingean,
Co. Chiarraí.
Fón: (066) 9150100 **Facs:** (066) 9150101
Ríomhphost: eon@udaras.ie

Aicmí Taifead

Tá na taifid seo a leanas le fáil sna hOifigí Réigiúnacha

- Comhaid maidir le cruinnithe de Choistí Réigiúnacha
- Comhaid ar chliaint na nOifigí Réigiúnacha
- Comhaid éagsúla eile ag baint le heagraíochtaí seachtracha, coistí, nó ábhair a bhfuil déileáil rialta leo
- Foirmeacha iarratais agus bileoga eolais
- Tuarascálacha agus foilseacháin
- Taifid ghinearálta riaracháin.

Is féidir go bhfuil na taifid seo i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm pháipéir

8.4 An Rannóg Fiontraíochta agus Fostaíochta

Seán Ó Labhraí, Leas-Phríomhfheidhmeannach,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: lowery@udaras.ie

Ról agus Struchtúr

Ceann de phríomhaidhmeanna Údarás na Gaeltachta is ea bunús fostaíochta atá inmharthana go heacnamaíoch a chruthú mar réamh-riachtanas d'fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha phobal na Gaeltachta. Tríd an Rannóg Fiontraíochta agus Fostaíochta feidhmíonn Údarás na Gaeltachta cláir fhorbartha tionscail atá dírithe ar acmhainní dúchasacha agus ar chórais fhiontraíochta agus scileanna a fhorbairt agus ar infheistíocht shoghluaiste a mhealladh go dtí an Ghaeltacht. Áirítear an t-uisceshaothrú agus próiseáil éisc mar ghné thábhachtach de ról na rannóige.

Is ar an Rannóg Fiontraíochta agus Fostaíochta atá an dualgas maidir le margaíocht a dhéanamh ar an nGaeltacht mar láthair tharraingteach forbartha agus tograí oiriúnacha a aimsiú le bheith mar bhunchloch d'fhorbairt eacnamaíochta agus cruthú fostaíochta sa Ghaeltacht.

Eagraítear obair na rannóige ar bhunús earnála agus réigiúin thíreolaíochta ag brath ar na hearnálacha nó na réigiúin ar a bhfuil béim á cur ag aon am ar leith.

Chomh maith le cúram ginearálta forbartha réigiúnaí tá cúram ar na hOifigí Réigiúnacha freisin maidir le forbairt tionscail. Baineann cúram seo na nOifigí Réigiúnacha go bunúsach le mionghnóthaí agus tionscail a eascraíonn as iarratais ó phríomhaithe Gaeltachta. Tá na hOifigí Réigiúnacha freagrach don Leas-Phríomhfheidhmeannach maidir leis an gcuid seo dá ndualgais.

Na Seirbhísí a chuirtear ar fáil

Cuireann an rannóg na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

- Tograí oiriúnacha tionsclaíocha a aimsiú agus a mheas agus moltaí maidir le tacaíocht a chur faoi bhráid an Údaráis
- Tacú le príomhaithe ón am a gceadaítear cúnamh go dtí go bhfuil an gnó bunaithe
- Seirbhísí iarchúraim agus forbartha a chur ar fáil do thograí atá faoi chúram na rannóige
- Moltaí a chur ar aghaidh maidir le straitéis fhorbartha an Údaráis
- A chinntiú go bhfaigheann pobal na Gaeltachta an tairbhe is iomláine as acmhainní nádúrtha na gceantar, go háirithe i gcás gach gné de shaothrú mara
- Iarratais ar thacaíocht do thionscail Ghaeltachta ó scéimeanna éagsúla an Aontais Eorpaigh agus an Rialtais d'fhorbairt eacnamaíocha, a phróiseáil
- Earnálacha éagsúla le féidearthachtaí forbartha a aithint agus a chur chun cinn.

Teacht ar Eolas

Ba cheart fiosrúchain maidir le hobair na rannóige a chur chuig:

Séamus Mac Eochaidh, Bainisteoir Fiontraíochta agus Fostaíochta,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: smce@udaras.ie

Aicmí Taifead

Tá na taifid seo leanas le fáil sa Rannóg Forbartha Tionscail:

- Comhaid ghinearálta ar chliaint
- Comhaid ar scéimeanna forbartha éagsúla
- Tuarascálacha agus eolas ar earnálacha éagsúla
- Comhaid ghinearálta riaracháin

Is féidir go bhfuil na taifid seo i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm pháipéir

8.5 An Rannóg Cumarsáide agus Margaíochta

Ról agus Struchtúr

Bíonn an Rannóg seo ag plé le poiblíocht, margaíocht agus caidreamh poibí agus bailiú agus dáileadh eolais a bhaineann go díreach nó go hindíreach le gníomhaíochtaí nó oibríochtaí an Údaráis, bídís sin beartaithe nó i bhfeidhm.

Na Seirbhísí a chuirtear ar fáil

Úsáidtear na huirlisí seo a leanas chun feidhmeanna na rannóige a chomhlíonadh:

- Ráitis rialta nuachta agus nuachtlitreacha
- Bileoga eolais ar scéimeanna agus dreasachtaí an Údaráis
- Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais a fhoilsiú agus a dháileadh go forleathan
- Urraíochtaí do réimse leathan imeachtaí áitiúla agus tionscnaimh a bhfuil gné theanga nó chultúir ag baint leo
- Seirbhís tacaíochta chaidrimh phoiblí agus phoiblíochta do ghnóthaí a fhaigheann cabhair ón Údarás
- Riaradh an tsuímh idirlín www.udaras.ie

Teacht ar Eolas

Ba cheart fiosrúcháin maidir le hobair na rannóige a chur chuig:

Siubhán Nic Grianna, Bainisteoir Cumarsáide agus Margaíochta,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: sng@udaras.ie

Aicmí Taifead

Is iad na cineálacha taifead atá á gcoinneáil sa rannóg ná:

- Comhaid ghinearálta riaracháin
- Comhaid íocaíochtaí
- Tuarascálacha agus bróisiúir éagsúla.

Is féidir go bhfuil na taifid seo i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm pháipéir

8.6 Feidhm Oiliúna agus Oideachais

Ról agus Struchtúr

Is é cuspóir na feidhme Oiliúna agus Oideachais ná stuchtúr tacaíochta a chur ar fáil do mhuintir na Gaeltachta le go mbainfidh siad tairbhe iomlán as oiliúint agus oideachas chun cur lena n-acmhainneacht fostaíochta agus lena bhforbairt phearsanta agus ceannaireacht a ghlacadh i soláthar na ndeiseanna sin. Leis an ról sin a chur i bhfeidhm eagraíonn agus maoiníonn an tÚdarás réimse leathan cúrsaí oiliúna agus oideachais do dhaoine fásta

agus do dhaltaí iarbhunscoile le cur ar a gcumas a gcuid scileanna agus cáilíochtaí pearsanta a fheabhsú agus a uasghrádú ar mhaithe le fostaíocht oiriúnach a aimsiú dóibh féin.

Na Seirbhísí a chuirtear ar fáil

Seo a leanas na príomhscéimeanna atá ag an Údarás:

- Scéim Forbartha Printíseachta
- Scéim Forbartha Bainistíochta
- Scéimeanna Taithí Oibre
- Scéimeanna Cabhrach do ghrúpa agus do dhaoine aonair
- Seirbhísí/Cúrsaí do Scoileanna Dara Leibhéal

Teacht ar Eolas

Ba cheart fiosrúcháin maidir leis an bhfeidhm Oiliúna agus Oideachais a chur chuig:

Éamonn Ó Neachtain,
Údarás Na Gaeltachta,
An Daingean,
Co. Chiarraí.
Fón: (066) 9150100 **Facs:** (066) 9150101
Ríomhphost: eon@udaras.ie

Aicmí Taifead

Tá na taifid seo a leanas le fáil faoi Oiliúint agus Oideachas:

- Comhaid ar an Scéim Forbartha Printíseachta
- Comhaid ar an Scéim Forbartha Bainistíochta
- Comhaid ar chúrsaí oiliúna
- Comhaid d'oiliúnaithe aonaracha/grúpaí eile
- Comhaid riaracháin, íocaíochtaí agus comhfhreagras ginearálta
- Comhaid chumarsáide/earcaíochta
- Comhaid ar eagraíochtaí lena mbíonn plé ag an Údarás
- Tuarascálacha éagsúla.

Is féidir go bhfuil na taifid seo i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm pháipéir

8.7 An Rannóg Maoine agus Innealtóireachta

Ról agus Struchtúr

Déanann an rannóg seo bainistiú ar gach gné de mhaoin Údarás na Gaeltachta, ag cur san áireamh seirbhísí maoine agus innealtóireachta.

Is é príomhchúram na Rannóige ná na háiseanna fisiciúla, idir fhoirgnimh, eastáit tionscail agus bhunstruchtúr, a chur ar fáil chun spriocanna forbartha Údarás na Gaeltachta a chur chun cinn. Cuirtear an cúram i bhfeidhm trí sheirbhís dheartha agus bhainistíochta tionscadal a chur ar fáil trí fhoireann na rannóige le tacaíocht, mar is gá, ó sheirbhísí comhairleoireachta seachtracha.

Tugann an Rannóg cúram do gach gné de bhainistiú maoine an Údaráis idir mhaoin atá ligthe le tionóntaí agus mhaoin atá faoi smacht an Údaráis féin. Tá réimse leathan sealúchais ag an Údarás, scaipthe ar fud cheantair uile na Gaeltachta, agus é mar bhunriachtanas d'iarrachtaí forbartha an Údaráis. Sa réimse sealúchais sin tá foirgnimh, idir mhonarchana, aonaid fhiontraíochta, oifigí, ionaid cheardaíochta, aerstráicí, tithe agus mar sin, agus talamh ina n-áirítear eastáit tionsclaíochta, suímh, portaigh agus mar sin.

Tá an rannóg eagraithe ar bhunús réigiúnach le Bainisteoirí Maoine in oifigí an Údaráis sna Doirí Beaga i gContae Dhún na nGall, sa Daingean i gContae Chiarraí agus sna Forbacha i gContae na Gaillimhe le cúraimí ina réigiúin féin faoi seach. Tá riarachán na Rannóige lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha.

Na Seirbhísí a chuirtear ar fáil

Tógtar foirgnimh ghnó, eastáit tionscail, foirgnimh eile agus bunstruchtúr chun tacú le Clár Forbartha an Údaráis, de réir treoir Bhord an Údaráis. Déantar formhór na tógála ar bhonn conartha le conraitheoirí seachtracha ach déantar codán beag ar bhonn tógála dírí.

Comhlíonann an rannóg a chúraimí trí:

- Cinntí an Údaráis maidir le húsáid mhaoine a chur i bhfeidhm
- Cinntiú go bhfuil téarmaí léasa á gcomhlíonadh ag tionóntaí
- Maoin de chuid an Údaráis nach bhfuil faoi chúram tionónta a chothabháil agus a bhainistiú
- A chinntiú go bhfuil clúdach árachais ar shealúchas an Údaráis go léir
- Maoin a cheannach agus a dhíol, mar is gá, agus mar a threoraíonn Bord an Údaráis
- Comhordú ar ról reachtúil an Údaráis i dtaca leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, agus leis na rialacháin a bhaineann leis

Is chun seirbhís bhainistithe maoine don Údarás féin amháin a fheidhmíonn an rannóg. Ní chuirtear aon tseirbhís ar fáil díreach don phobal ach cuirtear seirbhís theoranta ar fáil do ghrúpaí pobail agus don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltactha nuair is féidir agus nuair a oireann.

Teacht ar Eolas

Is féidir teacht ar eolas faoi fheidhmiú na Rannóige Maoine agus Innealtóireachta trí theagmháil a dhéanamh le:

Peadar Ó hUallacháin, Bainisteoir Maoine agus Innealtóireachta
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: poh@udaras.ie

Aicmí Taifead

Tá na taifid seo a leanas le fáil sa Rannóg Maoine agus Innealtóireachta:

- Comhaid ar Oibreacha Tógála
- Clár Conraitheoirí
- Clár Comhairleoirí
- Clár Tógála agus Maoine
- Comhaid Sábháilteachta
- Léasanna agus Comhaontuithe Ligin
- Comhaid Riaracháin
- Taifid Fhoirgníochta
- Léaráidí agus Mapaí
- Comhaid Theicniúla
- Comhaid ar chúrsaí cothabhála maoine
- Comhaid ar chúrsaí árachais
- Córas Ceapacháin ó thaobh roghnú Comhairleoirí Seirbhísí Foirgníochta agus (ii) Córas Tairiscintí ó thaobh roghnú Conraitheoirí Seachtracha.

Is féidir go bhfuil na taifid seo i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm pháipéir

9 Riachtanais Alt 16

Faoi alt 15 (1) (c) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, ní foláir tuairisc ghinearálta ar na nithe dá dtagraítear i míreanna *(a) agus (b)* d'alt 16 (1) den Acht a chur ar fáil sa leabhar tagartha seo. Leagtar síos sna míreanna sin d'alt 16 den Acht nach foláir do chomhlachtaí poiblí, Údarás na Gaeltachta san áireamh, an méid seo a leanas a fhoilsiú:

(a) na rialacha, na nósanna imeachta, na cleachtais, na treoirlínte agus na léirithe a úsáideann an comhlacht, agus innéacs d'aon fhasaigh a choimeádann an comhlacht, chun críocha breitheanna, cinntí nó moltaí faoi réim nó chun críocha aon achtacháin nó scéime a riarann an comhlacht maidir le cearta, pribhléidí, sochair, oibleagáidí, píonóis nó smachtbhannaí eile a bhfuil nó a bhféadfadh sé go mbeidh daoine den phobal ina dteideal nó faoina réir faoin achtachán nó faoin scéim, agus

(b) faisnéis chuí i ndáil leis an modh nó an modh beartaithe ar a riarfar aon achtachán nó scéim den sórt sin.

Sna hailt seo a leanas tugtar an tuairisc ghinearálta sin. Tá sonraí iomlána ar fáil ar roinnt mhaith den ábhar ar bhileoga a fhoilsíonn an tÚdarás agus ar ár suíomh idirlín www.udaras.ie. I gcásanna nach bhfuil an t-ábhar sin foilsithe amhlaidh againn, nó más mian le duine cóip d'ábhar atá ar ár suíomh idirlín a fháil uainn, cuirfear cóipeanna ar fáil ar iarratas.

A An Rannóg Airgeadais

Cloíonn an Rannóg Airgeadais le modhanna imeachta a leagtar síos mar a leanas:

An tAcht um Údarás na Gaeltachta, 1979

Leagtar síos in alt 18 den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979 go gcoimeádfaidh an tÚdarás, i cibé foirm a cheadóidh an tAire [Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta] le comhthoiliú an Aire Airgeadais, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh sé, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe, agus, go háirithe, coimeádfaidh sé san fhoirm cheadaithe sin na cuntais speisialta sin go léir a ordóidh an tAire, uaidh féin nó ar iarratas ón Aire Airgeadais, ó am go ham. Tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis deireadh na bliana lena mbaineann siad, déanann an tÚdarás cuntais a choimeádtar faoin alt seo a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh agus, díreach tar éis an iniúchta, déantar cóip de na cuntais agus cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais a thíolacadh don Aire, a chuireann faoi deara cóipeanna a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Foilsíonn an tÚdarás a Thuarascáil Bhliantúil leis na cuntais sin ansin.

An tAcht um Íoc Pras, 1997 [arna leasú ag European Communities (Late Payment in Commercial Transactions) Regulations 2002 (I.R. 388 de 2002)]

Leagtar síos san Acht seo, arna leasú ag na Rialacháin thuasluaite, go n-íocfar go pras as earraí agus seirbhísí a dhéantar a sholáthar, agus leagann sé síos na tréimhsí ama a cheadaítear d'íocaíocht. Leagtar síos freisin an córas chun sonraisc a cheistiú agus maidir le pionós úis i gcás moille. Tá an tAcht agus na Rialacháin ar fáil (i mBéarla faoi láthair) ó Oifig Foilseacháin an Rialtais agus ar http://www.irishstatutebook.ie/2002/en/si/0388.html
Tá nótaí mínithe agus cóip de na Rialacháin (arís i mBéarla) ar fáil ar an suíomh idirlín www.entemp.ie.

B Cúrsaí Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne

Tá an Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne freagrach as raon de rialacháin,

d' fhorálacha reachtúla agus de pholasaithe a chur i bhfeidhm agus a chomhordú, a bhaineann le cúrsaí foirne, cúrsaí earcaíochta, agus cúrsaí sláinte agus sábháilteachta ag an obair, don fhoireann san Údarás. Tugann sé tacaíocht don Rannóg Pleanála agus Polasaí ina ról siúd maidir le cúrsaí foirne a bhaineann le scéimeanna fostaíochta pobail agus scéimeanna sóisialta tuaithe. Tá ról ag an Rannóg Maoine agus Innealtóireachta i gcúrsaí sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le foireann sheachtrach an Údaráis agus leis na hionaid ghnó ar pháirceanna gnó agus ar mhaoin sheachtrach eile de chuid an Údaráis.

I réir leis an Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, arna leasú ag an Acht um Údarás na Gaeltachta (Leasú) (Uimh. 2), 1999, is le ceadú an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, a shocraítear téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse agus luach saothair na foirne, agus bíonn aird ag an Údarás ar threoirlínte Rialtais, agus ar threoirlínte ar a bhfuil comhaontaithe ar bhonn náisiúnta, agus ar bheartas Rialtais i ndáil le luach saothair agus coinníollacha fostaíochta.

Déantar beartais agus nósanna fostaíochta a chur chun cinn i réir le dlí fostaíochta agus idirbheartaíocht ó am go ham le ceardchumainn aitheanta. Tá na beartais earcaíochta agus fostaíochta reatha seo a leanas ann faoi láthair:

Earcú agus Roghnú Foirne
Conarthaí Fostaíochta
Ionduchtú Foirne
Pleanáil Foirne

Tá na polasaithe agus treoirlínte seo a leanas ann freisin:

Lámhleabhar Foirne
Polasaí Dínit ag an Obair
Sláinte agus Sábháilteacht san Ionad Oibre
Scéimeanna Pinsean agus Aoisliúntas Foirne
Socruithe Éagsúla Saoire (bliantúil, máithreachais, truamhéile agus eile)
Sosanna Gairme agus Comhroinnt Poist
Rátaí Costais Taistil agus Iostais
Cód Iompar Foirne
Oiliúint agus Forbairt Foirne

Tá cóipeanna ar fáil ar iarratas ón Rannóg Rúnaíochta.

C Soláthar Poiblí

Cloíonn an tÚdarás leis na treoirlínte agus leis an dlí seo a leanas:

An Cód Cleacthais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009) a d'eisigh an Roinn Airgeadais

Guidelines for the Appraisal and Management of Capital Expenditure Proposals in the Public Sector, Department of Finance, January 2005

Public Procurement Guidelines – Competitive Process, National Public Procurement Policy Unit, 2004

Guidelines for Engagement of Consultants and other External Support by the Civil Service, Department of Finance, 2006

European Communities (Award of Public Authorities' Contracts) Regulations, S.I. No. 329, 2006

Directive 2007/66/EC of the European Parliament and of the Council of 11 December 2007 amending Council Directives 89/665/EEC and 92/13/EEC with regard to improving the effectiveness of review procedures concerning the award of public contracts

National Public Procurement Policy Framework, National Public Procurement Policy Unit, Department of Finance

Frámaíocht Bhainistíochta d'Oibreacha Poiblí

Tá na foilseacháin sin ar fáil ar www.finance.gov.ie agus / nó ó Oifig Foilseacháin an Rialtais ach amháin an Frámaíocht Bhainistíochta d'Oibreacha Poiblí atá ar fáil ar www.constructionprocurement.gov.ie. Tá lámhleabhar an Údaráis **Córas Tairisceana agus Roghnú Conraitheoirí Tógála agus Cothabhála** ar fáil ar iarratas ón Oifigeach Soláthair.

D An Rannóg Corparáideach

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as Lámhleabhar na Leibhéal Údaráis Tarmligthe a choinneáil agus a chur ar fáil. Tá an Rannóg Corparáideach freagrach as na lámhleabhair agus treoracha eile seo a leanas a choinneáil agus a chur ar fáil:

Buan-Orduithe an Údaráis
Feidhmeanna Forchoimeádta an Bhoird
Rialacha na gCoistí Réigiúnacha
Modhanna Imeachta maidir le Cliaint a Aistriú idir Eagraíochtaí Forbartha Éagsúla
Modhanna Imeachta don Choiste Meastóireachta
Modhanna Imeachta maidir le Corrfholúntais ar Bhord an Údaráis i Measc Comhaltaí Tofa
Téarmaí Tagartha Ginearálta do Choistí an Údaráis
Cairt Chliaint agus Cód Cliaint an Údaráis
Cód Iompair do Chomhaltaí Boird
Cairt don tSeirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí
Polasaí an Údaráis Maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol agus Treoracha maidir le hIarratas ar Fhaisnéis faoin gComhshaol *

Tá cóipeanna ar fáil ar iarratas ón Rannóg Rúnaíochta (*ar fáil freisin ar www.udaras.ie)

E An Rannóg Maoine agus Innealtóireachta

Coinníonn an Rannóg seo na nithe seo a leanas:

Treoirlínte Díolachán agus Ceannachán Maoine
Treoirlinte Cíosanna d'Fhoirgnimh Ghnó
Plean Gníomhaíochta Bruscair

Tá cóipeanna ar fáil ar iarratas ón mBainisteoir Maoine agus Innealtóireachta.

F Cúrsaí Forbartha

Chomh maith le cur síos ar bheartas ginearálta Údarás na Gaeltachta mar atá leagtha amach ina fhoilseachán **BEARTAS FORBARTHA 2005 – 2010**, tá bileoga agus treoirlinte ar fáil ón eagraíocht agus óna shuíomh idirlín www.udaras.ie maidir le

Scéimeanna faofa deontais agus tacaíochta do ghnóthaí agus do thionscail
Critéir Mheastóireachta agus Rialacha faoi Chúnamh agus Infheistíocht
Tacaíocht d'eagraíochtaí cultúir, teanga agus pobail agus óige
Tacaíocht d'oideachas agus d'oiliúint
Scéimeanna Fostaíochta Pobail/Scéimeanna Sóisialta Tuaithe

Aguisín a hAon

Fochuideachtaí Údarás na Gaeltachta

Faoi chlásal 1 (5) (g) den Chéad Sceideal den Acht, baineann forálacha an Achta le fochuideachtaí an Údaráis, mar gur fochuideachtaí iad de chomhlacht forordaithe.

Is féidir iarratais faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 Acht a chur chuig aon cheann de na fochuideachtaí tríd an Údarás féin trí iarratais ar thaifid a chur chuig:
An tOifigeach um Shaoráil Faisnéise,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Sonraí teagmhála eile:
Fón: (091) 503100 **Facs:** (091) 503101
Ríomhphost: asf@udaras.ie

Ba cheart an fhochuideachta atá i gceist a shonrú san iarratas.

Ag aon am ar leith bíonn líon áirithe fochuideachtaí ag Údarás na Gaeltachta a mbíonn gnóthaí ar leith faoina gcúram. Is fochuideachtaí faoi lánúineireacht an Údaráis iad ar fad i láthair na huaire, agus seo thíos cur síos gairid ar a ngnóthaí:

Is é Údarás na Gaeltachta, na Forbacha, Co. na Gaillimhe oifig chláraithe na bhfochuideachtaí ar fad.

Saoi Teoranta
Go dtí 2009 ba trí Saoi Teoranta a reachtáiltí cuid mhór de na seirbhísí agus scéimeanna oiliúna agus forbartha acmhainní daonna a chuireann an tÚdarás ar fáil sa Ghaeltacht (féach mír 8.6). I dtreo deireadh na bliana 2009 socraíodh na cúraimí sin a atheagrú. Dá réir sin um thús 2010 bhí céimeanna idir lámha chun deireadh a chur le Saoi Teoranta.

Muintearas Teoranta
Cuireann Muintearas Teoranta cláir thaighde agus thacaíochta oideachais agus oiliúna chun cinn i nGaeltachtaí éagsúla. Díríonn an comhlacht ar riachtanais agus ar dheiseanna speisialta sna pobail éagsúla. Tá a cheannáras ag Tír an Fhia, Leitir Mór, Co. na Gaillimhe.

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta
Cuireann an comhlacht seo spreagadh agus cúnamh ar fáil, i gcomhar leis An Chomhairle Ealaíon, chun tionscadail ealaíne theangabhunaithe a chur chun cinn sa Ghaeltacht.

Arramara Teoranta
Comhlacht próiseála feamainne é seo, atá lonnaithe i gCill Chiaráin, Co. na Gaillimhe atá faoi lánúinéireacht an Údaráis ó 2006.